Comhar na nOileán

Treoir do LEADER

Clár Forbartha Tuaithe (LEADER) 2014 – 2020

Fáilte

Tá rímead ar **Chomhar na nOileán** go bhfuil an Clár Forbartha Tuaithe **(LEADER) 2014 – 2020** ag tosnú i Co. Mhaigh Eo, Co. Dhún na nGall agus Co. Chorcaigh.

Tá éagsúlachtaí idir an clár seo agus na cláracha deireanacha agus tá an treoir seo ullmhaithe chun tuairim a thabhairt faoi chéard atá san áireamh agus céard nach bhfuil clúdaithe do mhaoiniú LEADER san tréimhse seo.

Faraor, tá an buiséad laghdaithe go mór i gcomparáid leis an gclár deireanach ach tá muid dóchasach go bhfuil deiseanna maithe ann fós do gnóanna agus pobail na n-Oileán.

Tugaim cuireadh dhuit anois teagmháil a dhéanamh le Oifigeach Tionscadail chun féachaint an bhfuil aon bhuntáiste le fáil ag do ghnó nó do phobal as an gclár LEADER.

LEADER in Éirinn

Trí Théama

Is comhionann iad an 3 théama seo ag an gclár LEADER ar fud na hÉireann

Téama 1 – Forbairt Eacnamaíochta Tuaithe, Forbairt Fiontair & Cruthú Fostaíochta

- Turasóireacht Tuaithe
- Forbairt Fiontair
- Bailte Tuaithe
- Leathanbhanda

Téama 2 – An Timpeallacht Tuaithe

- Cosaint agus úsáid inbhuanaithe na n-Acmhainní Uisce
- Cosaint agus feabhsú an Bhithéagsúlacht Áitiúil
- Forbairt ar fhuinnimh inathnuaite

Téama 3 – Áireamh Shóisialta

- Bunsheirbhisí pobail dóibh siúd atá scoite amach.
- Aos-óig na Tuaithe

Naoi gcuspóirí tosaíochta

1 Turasóireacht Tuaithe

- Tacú le hinfheistíocht caipitil i dtionscadail nuálacha turasóireachta
- Margaíocht, líonrú, imeachtaí agus féilte
- Oiliúint agus meantóireacht chun tacú le tionscail na turasóireachta
- Fostaíocht áitiúil a mhéadú, tréimhse na gcuairteoirí agus an caiteachas a mhéadú

2 Fiontair & Gnóanna Beaga

- Tacú le infheistíocht chaipitil do ghnóanna nua agus iad siúd atá ag fás
- Taighde agus forbairt, líonrú, agus margaíocht a mhaoiniú, maraon le oiliúint agus meantóireacht do ghnólachtaí beaga
- Fostaíocht a mhéadú agus ioncam a ghiniúint

3 Bailte Tuaithe

- Féabhsú sráid-dreacha, spásanna áineasa agus bailte slachtmhara
- Uasmhéadú a dhéanamh ar chumas fhéilte, margaí agus imeachtaí áitiúla

4 Leathanbhanda

- Taighde maidir le leathanbhanda, tograí píolóiteacha agus traenáil a mhaoiniú
- Tacú le hinfheistíocht ar scála beag i mbonneagar leathanbhanda, oibreacha agus trealamh

5 Áiseanna agus Seirbhísí Pobail

- Forbairt ar áiseanna pobail, saoráidí áineasa agus fiontair shóisialta a fheabhsú,
- Tacú le tionscnaimh shóisialta agus seirbhísí pobail
- Oiliúint i réimse leathan scileanna forbartha pobail

6 Aos-óig na Tuaithe

- Tacú le hinfheistíocht i seirbhísí agus áiseanna do dhaoine óga, ar nós clubanna, caiféanna óige agus áiseanna caithimh aimsire
- Tacú le tionscnaimh forbartha don óige agus rannpháirtíocht an óige a fheabhsú
- Meantóireacht, oiliúint, oiliúint d'oibrithe deonacha

7 Caomhnú achmhainní Uisce

- Tacú le traenáil, staidéir féidearthachta, seiminear agus árdú feasachta maidir le caomhnú ár n-acmhainní
- Tacú le tionscadail indéanta chaomhnaithe uisce m.sh pleananna ceantair agus scéimeanna athchúrsála

8 Bithéagsúlacht

- Tacú le traenáil, seiminéar agus ardú feasachta maidir leis an mbithéagsúlacht áitiúil
- Maoiniú a chur ar fáil do thionscadail caipitil maraon le páirceanna, bealaí dúlra, gnáthóga a chruthú agus a chaomhnú

9 Fuinnimh in-athnuaite

- Tacú le hoiliúint agus le feasacht maidir le saincheisteanna comhshaoil
- Tionscadail chaipitil dírithe ar chaomhnú fuinnimh nó úsáid na dteicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite a chur i bhfeidhm
- Tacú le tograí caomhnaithe fuinnimh i bhfoirgnimh pobail

Tháinig na cuspóirí seo ó na cruinnithe comhairliúcháin phoiblí a tharla ag deireadh 2015, agus atá mar chuid den Straitéis Forbartha Áitiúil LEADER.

Cén cineál Togra is féidir a mhaoiniú?

Turasóireacht Tuaithe

- Gníomhaíochtaí Margaíochta
- Cóiríocht (lóistín) Turasóireachta (i réimsí áirithe)
- Féilte agus Imeachtaí
- Gnóthaí nua agus reatha turasóireachta a fhorbairt
- Líonraí Turasóireachta
- Gnólachtaí turasóireachta talmhaíochta/feirme

Gnóanna Beaga

- Gnólachtaí Bí agus Dí áitiúil
- Tionscadail fuinnimhe inathnuaite
- Staidéir Féidearthachta do smaointe nua gnó
- Fiontair shóisialta agus fiontair phobail
- An earnáil chruthaítheach ar a n-áiritear ceardaíocht, forbairt bogearraí, dearadh agus na meáin

Forbairt Bailte

- Scéimeanna athnuachana agus athchóirithe bailte
- Foirgintí pobail il-úsáide
- Imeachtaí sóisialta, margaí agus féilte
- Spásanna áineasa agus bailte slachtmhara

Leathanbhanda

- Gníomhaíochtaí áitiúla a chomhlánaíonn tionscnaimh náisiúnta
- Oiliúint ríomhaireachta bhunúsacha do ghrúpaí áirithe
- Forbairt scileanna maidir le suiteáil leathanbhanda
- Staidéir Féidearthachta agus maoiniú le haghaidh mion phíosaí trealaimh

Cosaint & úsáid inbhuanaithe na n-Acmhainní Uisce

- Tacaíocht a thabhairt d'ardú feasachta maidir le caomhnú uisce
- Cláir oiliúna Speisialtóra
- Pleananna comhphobail feabhsúcháin uisce
- Tionscadail a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta ghlais

Cosaint & feabhsú an Bhithéagsúlacht Áitiúil

- Gníomhaíochtaí chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a chur chun cinn
- Líonraí Nadúir
- Uasghrádú ar pháirceanna, siúlóidí cois abhna agus gnáthóga
- Athstocáil/athphlandáil do speicis dhúchasacha

Forbairt ar Fhuinnimh inathnuaite

- Iniúchadh Fuinnimh sa phobal agus straitéisí
- Cláracha éifeachtacha fuinnimh do ghnóanna agus don phobal
- Tionscnaimh chaomhnaithe fuinnimh
- Mion-thionscadail fuinnimh inathnuaite

Bunsheirbhisí pobail dóibh siúd atá scoite amach

- Forbairt agus feabhsú ar áiseanna pobail
- Cuimsiú sóisialta agus comhtháthú cultúrtha
- Cláracha oiliúna pobail
- Tionscadail phobail/shóisialta

Aos-Óig na Tuaithe

- Forbairt ar áiseanna cosúil le caiféanna, áiseanna caithimh aimsire agus ealaíona
- Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide a fheabhsú don óige
- Tionscadail forbartha óige

Muna bhfeiceann tú do thogra sa liosta?

Níl anseo ach liosta samplach. Má tá smaoineamh agat nach bhfuil clúdaithe anseo, déan teagmháil linn.

Rátaí agus Méideanna Deontais LEADER

Cineál Togra	Cineál Iarrthóir	Uasmhéid Deontas Ráta	Uasmhéid Maoiniú
Infheistíocht & tacaíochtaí eile (caipitil, fearas, margaíocht, beochan)	Príobháideach	50%	€200,000
	Pobail	75%	€200,000
	Pobal faoi Sheirbhísí Bunúsacha dírithe ar phobail atá scoite amach	90%	
Anailís & Forbairt	Príobháideach	75%	€30,000
	Pobail	90%	
Traenáil	Duine Aonarach, Gnó nó Pobail	100%	€200,000
	Tionscnaimh oiliúna speisialaithe, agus / nó ar fud an chontae	100%	€200,000

Íosmhéid deontas: Faoi na rialacha, níl deontaisí faoi €1,250 ceadaithe
Saghas Gnó: <20 fostaí, láimhdeachas bliantúil agus / nó clár comhardaithe ≤ € 4 mhilliún

Tábhachtach: Tabhair faoi deara gur b'iad seo na huasmhéid deontais is féidir a fháil. I gcásanna áirithe beidh an ráta níos lú, mar shampla nuair atá:

- scéimeanna eile deontais ar fáil do thograí chomhionann.
- an buiséad LEADER ag ísliú de réir a bheidh an clár ag dul ar aghaidh.

Costaisí Incháilithe:

- ✓ Obair thógála nó athchóirithe
- ✓ Ceannacht innealra agus trealaimh
- ✓ Táillí Ghairmiúla / Theicniúla (suas go dtí 12 % de chostaisí chaipitil an tionscadail)
- ✓ Margaíocht (lena n-áirítear gníomhaíochtaí margaíochta grúpa)
- ✓ Cláracha speisialta oiliúna curtha in oiriúint
- ✓ Anailís agus Forbairt (m.sh. staidéir indéantachta, samplaí)
- ✓ Obair Dheonach (tionscadail phobail nó éagsúlú feirme amháin)
- ✓ Tabhartaisí (tionscadail phobail amháin)
- ✓ Ceannacht talúna (le/gan foirgnimh san áireamh) – tionscadail phobail amháin

Costaisí **nach bhfuil** incháilithe:

× Caipitil Reatha Oibre (lena n-áirítear stoc, costaisí reatha agus CBL athéilimhe)

× Mótarfheithiclí (lena n-áirítear gluaisteáin, veaineanna agus busanna)

× Táillí Iarratais phleanála

× Costaisí Árachais

× Iasachtaí nó léasanna

Tagann an t-eolas seo ó na Rialacháin Feidhme don Chlár LEADER in Éirinn.

I measc na hearnálacha agus na gníomhaíochtaí **nach bhfuil** incháilithe :

× Talmhaíocht Príomhshrutha

× Iascaireacht

× Oibríochtaí miondíola coinbhinsiúnta (seachas siopaí pobalbhunaithe / feirme a dhíolann táirgí áitiúla)

× Oiliúint atá mar chuid de ghnáth chláracha oideachais, córais meánscoile nó leibhéil oideachais atá níos airde

× Gairneoireachta (lena n-áirítear beachaireacht)

× Feabhsúcháin ar mhaoin chónaithe phríobháideach (seachas i gcás tionscadail oidhreachta i gcásanna eisceachtúla)

× Cúram Leanaí

× Cúram Leighis

× Tithe Altranais

× Tithíocht

× Tionscail rásaíochta agus spóirt capaill

× Tionscail na gCon

An-Tábhachtach

Níl caiteachas atá déanta cheana féin incháilithe do mhaoiniú.

Ceisteanna Coiteanta (CC)

Cén chaoi a ndéanfadh mé iarratas ar LEADER?

Tá dhá chéim sa bproiséas iarratais LEADER:

Céim 1 – Léiriú Spéise

Caithfidh chuile iarratasóir an Léiriú Spéise a líonadh do chuile thionscadail.

Céim 2 – Iarratas ar Dheontas LEADER

Má tá do Léiriú Spéise incháilithe i bprionsabail, tabharfar cuireadh duit iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú LEADER.

Céard a tharlaíonn nuair a sheolaim isteach an Léiriú Spéise?

Seolfar admháil chugat go bhfuair muid é agus déanfar measúnú an bhfuil sé incháilithe le h-aghaidh maoiniú faoin gclár. Má tá sé incháilithe, seolfar foirm iarratais chugat agus tabharfar cuireadh duit iarratas a dhéanamh.

Céard a tharlaíonn nuair a sheolaim isteach m'fhoirm iarratais?

Nuair atá an fhoirm iarratais críochnaithe, cuirfidh an tOifigeach Tionscadail ós comhair an Choiste Meastóireachta é. Déanfadh an coiste seo moladh chúig Coiste Áitiúil Forbartha Pobail, Grúpa Gnímh Áitiúil cibé an togra a mhaoiniú nó a mhalairt. Beidh an cinneadh deireannach ag Coiste Áitiúil Forbartha Pobail, Grúpa Gnímh Áitiúil maidir le maoiniú nó gan maoiniú a dhéanamh ar do thogra.

Cén fhaid a thógfadh sé togra a fháil ceadaithe?

Braitheann sé seo ar cén fhaid a thógann sé ortsa an t-eolas ar fad a theastaíonn a chur le chéile. Go h-iondúil tógann sé cúpla mí dul thríd an obair atá le déanamh. Beidh treoir le fáil ón Oifigeach Tionscadail i rith an ama seo.

An bhfuil cúnamh uait iarratas a dhéanamh? Cuirfear ar fáil Oifigeach Tionscadail LEADER chun chuile chabhair a thabhairt duit leis an iarratas.

Má cheadaítear mo thogra, céard a tharlaíonn ansin?

Má cheadaítear do thogra, cuirfear conradh ar fáil (Litir Ofrála), a chaithfear a shiniú agus a sheoladh ar ais sula dtosnóidh tú ar do thionscadail nó sula ndéantar aon chaiteachas.

Má dhiúltaítear mo thogra, céard a tharlaíonn?

Má dhiúltaítear do thionscadail, seolfar litir chugat, ag insint duit cén chúis nó cúiseanna a bhí leis an diúltiú. Beidh deis agat achomharc a lorg ar an gcinneadh seo, agus beidh treoir maidir leis an achomharc sonraithe san litir diúltaithe.

Céard iad na Glaonna Oscailte?

Níl anseo ach go dtógfar chuile iarratas mar a thagann sé isteach. Ach faraor, ní féidir linn é seo a dhéanamh ach amháin i gcás 60% den mhaoiniú atá againn. Má tá do thionscadail liostáilte faoi chlár na nglaonna dúnta, caithfidh tú fanacht go ndéanfar fógraíocht ar oscailt an ghlaoch sin chun do thionscadail a thabhairt chun cinn.

Céard iad na Glaonna Dúnta?

Ní mór ar a laghad 40% den chlár LEADER a bheith ceadaithe i nglaonna dúnta maoinithe. Is ionann é seo agus tograí de chineál áirithe amháin (páirceanna spraoi, féilte) a bheith fógraithe do mhaoiniú ag aon am amháin agus cuireadh curtha amach do Léiriú Spéise a bheith istigh roimh spriocdháta áirithe. Déanfar measúnú ar na Léirithe Spéise uilig in éineacht agus tabharfar cuireadh dóibh siúd a n-éiríonn leo, iarratas iomlán a dhéanamh. Ní mór na hiarrataisí ar fad a chur isteach roimh an spriocdháta céanna, agus dul san iomaíocht le haghaidh an maoiniú a bheidh ar fáil.

Is é an t-údar atá leis na glaonna dúnta ná a chinntiú go bhfuil maoiniú LEADER dírithe ar na spriocanna a thugann an buntáiste is mó agus a chruthaíonn comhdheiseanna do chuile iarratas.

Má tá aon cheist agat, tar i dteagmháil linn agus déanfar chuile iarracht aon cheist maidir le LEADER a fhreagairt.

Cé atá bainteach le LEADER?

Is ag **Coiste Áitiúil Forbartha, Grúpa Gnímh Áitiúil** (CAFP GGÁ), atá an conradh don Chlár Forbartha Tuaithe (LEADER) 2014-2020. Tá **Comhar na nOileán** ar cheann de roinnt Pháirtnéaraí Feidhme de chuid an Choiste Áitiúil Forbartha Pobail, Grúpa Gnímh Áitiúil i Maigh Eo, Corcaigh & Dún na nGall.

Tá Páirtnéir Airgeadais i gceist freisin:

- Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Contae Dhún na nGall & Comhairle Contae Chorcaigh.

Gluais Théarmaí

Coiste Áitiúil Forbartha Pobail, Grúpa Gnímh Áitiúil (CAFP GGÁ) - Is ag an CAFP GGÁ atá an cinneadh deireanach maidir le maoiniú sa Chontae.

Páirtnéirí Feidhme - Seo iad na comhlachtaí a thugann tacaíocht don CAFP GGÁ chun an clár a sheachadadh go laethúil ar fud an cheantair.

Páirtnéirí Airgeadais – Is iad seo a dhéanann monatóireacht agus bainistiú ar ghnéithe airgeadais uilig an chláir.

Cé leis a dtéigh mé i dteagmháil chun tuilleadh eolais a fháil?

Má tá tú lonnaite ar **na hoileáin amach ón gcósta ó Mhaigh Eo, Dún na nGall nó Corcaigh nó páirt de Iarthar Chorcaí** tar i dteagmháil linne. Tá na sonraí teagmhála thíos.

Muna bhfuil tú cinnte cé leis le dul i dteagmháil, cuir glaoch orainn agus treoireoidh muid ar an mbóthar ceart thú!

Déan teagmháil le Comhar na nOileán

Ár Suíomh Idirlíon: www.oileain.ie

Seol Ríomhphost: fios@oileain.ie

Glaoigh ar an bPríomh Oifig: 099 75096

Scríobh chugainn: Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe.

Cas lenár nOifigí Tionscadail

Mary Lavelle

F: 087 2872 929 **R:** mary@oileain.ie

Joe Ó Curraoin

F: 087 2212 135 **R:** joe@oileain.ie

Lean muid ar Facebook

Facebook: https://www.facebook.com/comharnanoilean

Tábhachtach

Tabhair faoi deara gur achoimre treorach do LEADER an leabhrán seo agus nach bhfuil chuile ghné maidir leis an gclár clúdaithe. Má tá smaoineamh agat maidir le tionscadail, agus muna bhfuil tú cinnte faoi incháilitheacht, labhair le Oifigeach Tionscadail agus beidh muid ábalta do thionscadail sonrach a phlé leat.

Tá an t-eolas ar fad ceart ag am priontála, ach is féidir leis seo athrú. Níl aon fhreagracht ar Chomhar na nOileán maidir le eolas atá fágtha ar lár nó in easnaimh

Meán Fómhar 2016